Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026
(OR. en)

9260/1/26
REV 1
PV CONS 27
EDUC 164
JEUN 76
CULT 72
AUDIO 71
SPORT 32
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

11 agus 12 Bealtaine 2026

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 11 BEALTAINE 2026**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8719/26.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 8870/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 8871/26

**Fostaíocht agus Beartas Sóisialta**

**1. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 6.5.2026

8480/26
PE-CONS 15/26
SOC

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 175, an tríú mír, CFAE), agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Ostair agus an Pholainn ag staonadh ón vótáil.

**Gnóthaí Ginearálta**

**2. Rialachán maidir le síneadh a chur le cosaint sonraí i gcás substaintí gníomhacha bithicídeacha áirithe atá ann cheana (Omnibus X: Bia agus beatha)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 6.5.2026

8597/26
PE-CONS 20/26
SIMPL

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

AN ÓIGE

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | **Rún maidir le hathbhreithniú ar phlean oibre do Straitéis Óige an Aontais 2025-2027**<br>*Formheas* | [2] | 8308/26<br>+ 8308/26 REV 1<br>(de, et, lv, nl) |

D'fhormheas an Chomhairle an rún mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | **Rún maidir le torthaí an 11ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg**<br>*Formheas* | [2] | 8310/26<br>+ 8310/26 REV 1<br>(de, et, fi, lv, nl) |

D'fhormheas an Chomhairle an rún mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | **A áirithiú go mbeidh beartais an Aontais agus beartais náisiúnta fabhrach don óige**<br>*Seisiún tuairimíochta* | [2] | 8292/26 |

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

OIDEACHAS

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. | **Rialachán maidir le Erasmus+**<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* | ❶ C | 8265/26 |

Tháinig an Chomhairle ar chur chuig ginearálta páirteach i ndáil leis an Rialachán maidir le Erasmus+.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7. | **Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí i ré na hintleachta saorga (IS)**<br>*Formheas* | [2] | 8262/26 |

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

8. **Bunscileanna agus an Limistéar Eorpach Oideachais: naisc a chothú don todhchaí** 8263/26
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

**9.** An Óige

(a) **Torthaí an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais**[1]
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a roinn an Uachtaránacht agus an bheirt aíonna seachtracha faoi thorthaí chruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne maidir leis an óige.

(b) **Straitéis um Chothroime Idirghlúine** 7112/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(c) **Plean gníomhaíochta i gcoinne na cibearbhulaíochta** 6361/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(d) Clár Oibre na hUachtaránachta nua
*Faisnéis ó Éirinn*

Oideachas

(e) **Bealach a dhéanamh trí ré na hintleachta saorga: An chaoi a bhfuil oideachas na Cróite á uasghrádú le tionscadal 'BrAIn'** 8626/26
*Faisnéis ón gCróit*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chróit ar fáil.

[1] I láthair ionadaí ó Chomhairle Óige na Cipire agus ionadaí ó Fhóram Eorpach na nÓg.

(f) **Gníomhaíocht chomhordaithe maidir le sábháilteacht leanaí ar líne** ⌐2 8559/1/26 REV1
*Faisnéis ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil, a dtacaíonn an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil agus an tSlóivéin léi.

(g) Clár Oibre na hUachtaránachta nua
*Faisnéis ó Éirinn*

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 12 BEALTAINE 2026**

CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS MEÁIN

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

10. **Rialachán maidir le AgoraEU** ❶C 8313/26 + COR 1 (bg) + COR 2 (fr) + ADD 1
*Cur chuige ginearálta páirteach*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuig ginearálta páirteach i ndáil leis an Rialachán maidir le AgoraEU.

Thíolaic an Bhulgáir ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é, **agus chuir sí in iúl nach raibh sí in ann tacú le teacht ar an gcur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán.**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

11. **Plean Oibre an Aontais don Chultúr, 2027-2030** ⌐2 8311/26
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

SPÓRT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**12.** **Conclúidí maidir leis an turasóireacht spóirt mar rannchuiditheoir leis an bhforbairt inbhuanaithe**
*Formheas*

8255/26 + 8255/1/26 REV 1 (es, fr, hu, lv, pl, sl, sv) + 8255/2/26 REV 2 (lv)

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad agus chomhaontaigh sí go bhfoilseofaí san Iris Oifigiúil iad.

**13.** **An mheabhairshláinte sa spórt: ó athléimneacht an duine féin go freagracht an chórais**[2,3]
*Seisiún tuairimíochta*

7935/26

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn nóta stiúrtha mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

**14.** Cultúr, closamharc agus meáin

(a) **Timpeallacht neamhspleách iolraíoch na meán san Eoraip a neartú – rialacha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a dhéanamh slán i bhfad na haimsire**
*Faisnéis ón nGearmáin, ón Eastóin, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón gCróit, ón Laitvia, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bPolainn agus ón bhFionlainn*

8621/26

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chróit, an Laitvia, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn agus an Fhionlainn ar fáil.

---

[2] I láthair iar-ghleacaí ealaíonta agus comhalta reatha de Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha.

[3] I láthair múinteoir oideachais fhisicigh agus cóitseálaí sacair gairmiúil.

**(b)** **An measúnú is gá a dhéanamh ar chreat dlíthiúil cóipchirt an Aontais chun forbairt na hintleachta saorga a chur san áireamh** 8565/26
*Faisnéis ón nGearmáin, ón Eastóin, ón Spáinn, ón nGréig, ón Ostair, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Ghréig, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an tSlóvaic ar fáil.

**(c)** **An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Atógáil na hÚcráine (an 25 go dtí an 26 Meitheamh in Gdańsk na Polainne) - earnáil cultúir na hÚcráine a atógáil** 8619/1/26 REV 1
*Faisnéis ón bPolainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil.

(d) Filleadh na Rúise ar an 61ú Taispeántas Ealaíne Idirnáisiúnta de chuid *La Biennale di Venezia* agus cur chuige coiteann an Aontais a áirithiú 8620/1/26 REV 1
*Faisnéis ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón Eastóin, ón Spáinn, ón gCróit, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón bhFionlainn agus ón tSualainn*

(e) Clár Oibre na hUachtaránachta nua
*Faisnéis ó Éirinn*

Spórt

**(f)** **Gortuithe inchinne sa spórt** 8540/26
*Faisnéis ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil.

**(g)** **Conclúidí Lipica** 8541/26
*Faisnéis ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil.

**(h)** **An tionchar ar eagrú imeachtaí spóirt san Eoraip agus cead á thabhairt do lúthchleasaithe ón Rúis agus ón mBealarúis dul san iomaíocht faoina siombailí náisiúnta** [2] 8539/1/26 REV 1
*Faisnéis ón bPolainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil, a dtacaíonn an Eastóin, an Fhrainc, an Laitvia, an Liotuáin, an Rómáin, an Fhionlainn agus an tSualainn léi.

**(i)** **Rannpháirtíocht lúthchleasaithe Rúiseacha agus Bealarúiseacha i gcomórtais spóirt san Eoraip: breithnithe beartais agus slándála** [2] 8301/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(j) Clár Oibre na hUachtaránachta nua
*Faisnéis ó Éirinn*

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 8719/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 10 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le AgoraEU**<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Tacaíonn Poblacht na Bulgáire go hiomlán leis an gcinneadh leanúint den tacaíocht d'earnáil an chultúir trí chlár ar leithligh sa chéad CAI eile agus trí chaomhnú phríomhshnáitheanna, phríomhchuspóirí agus phríomhghníomhaíochtaí chlár Eoraip na Cruthaitheachta ('An Cultúr' agus 'NA MEÁIN') i bpáirt leis an tsnáithe 'Saoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna' ar cuid í den chlár comharba, AgoraEU. D'fhéadfadh an Clár freagairt a thabhairt ar líon méadaitheach na ndúshlán atá roimh an Aontas agus a shaoránaigh agus, an tráth céanna, an tacaíocht is gá a chur ar fáil do na hearnálacha chun go mbeidh siad ag feidhmiú agus ag forbairt, anois agus choíche, le linn athruithe geopholaitiúla agus teicneolaíocha.

Tacaímid go láidir le cuspóirí an chláir, is iad sin, an éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus an oidhreacht a choimirciú, a chaomhnú, a fhorbairt agus a chur chun cinn, chun iomaíochas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, lena n-áirítear earnáil na meán agus an chlosamhairc, d'fhonn cothroime iomaíochta níos fearr a bhaint amach; an tsaoirse ealaíne agus saoirse na meán a chosaint agus a neartú agus an comhionannas, an tsaoránacht ghníomhach, cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt.

Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha - an comhionannas idir mná agus fir san áireamh - a chur chun cinn agus a chosaint agus déanfaidh sí amhlaidh go daingean diongbháilte. Táimid tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tacaíonn an tír seo againne go láidir le hiarrachtaí an Aontais gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, agus tá sí rannpháirteach go gníomhach in aon chineál foréigin a chosc agus a chomhrac chomh maith le cosaint agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd atá thíos leis.

Is díol sásaimh dúinn cuspóirí agus gníomhaíochtaí ábhartha an chláir a leagtar amach chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, chun cearta bunúsacha, an comhionannas agus cearta shaoránaigh an Aontais a chur chun cinn mar a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt, chomh maith leis an bhforéigean a chosc agus a chomhrac agus tacú leo siúd atá thíos leis.

Ar an drochuair, **ní féidir le Poblacht na Bulgáire tacú le glacadh Chur Chuige Ginearálta Páirteach an Rialacháin**, ós rud é go bhfuil coincheapa sa téacs reatha, an téarma 'féiniúlacht inscne' cuir i gcás, a mheastar a bheith ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire agus an tuiscint dhénártha ar an gcoincheap 'gnéas' ('пол'). In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuirtear chun cinn mar thógán sóisialta, le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'), coincheapa dlíthiúla lena mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar thógán sóisialta. In 2021, ghlac an Chúirt Bhunreachtúil cinneadh eile lena soiléirítear nach bhféadfaí breathnú ar an gcoincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch. Diúltaíonn dlíchóras bunreachtúil agus dlí na Bulgáire go láidir don choincheap 'inscne' mar thógán sóisialta solúbtha agus ní aithníonn sé 'féiniúlacht inscne' mar chatagóir atá bailí ó thaobh an dlí de.

Le linn na caibidlíochta, d'iarr an tír seo againne go comhsheasmhach agus go cuiditheach go ndéanfaí an téarmaíocht a ailíniú leis na saintréithe a aithnítear go huilíoch nó a fhoirmliú ar bhealach lena n-urramaítear creataí bunreachtúla éagsúla na mBallstát uile. Faoi Airteagal 4(2) CAE, tá sé d'oibleagáid ar an Aontas comhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí, mar aon lena bhféiniúlacht náisiúnta ar cuid dhílis dá struchtúir bhunúsacha í, idir pholaitiúil agus bhunreachtúil, a urramú.
Ós rud é go gcoinnítear i dtéacs críochnaitheach an Chur Chuige Ghinearálta Pháirtigh coincheapa a thagann salach go sainráite ar dhlí-eolaíocht éigeantach Chúirt Bhunreachtúil na Bulgáire, tá sé de cheangal bunreachtúil ar an mBulgáir cur ina choinne.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach ionann gan tacú leis an gCur Chuige Ginearálta Páirteach agus diúltú do spriocanna níos leithne an Rialacháin maidir le sochaí atá saor ó idirdhealú a chothú, ach gur chosaint riachtanach dá féiniúlacht bhunreachtúil náisiúnta é.

Thairis sin, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire, dá nglacfadh an Chomhairle an Rialachán san fhoirm sin, nach mbeadh sé d'oibleagáid uirthi aon choincheapa a aithint ná a chomhtháthú ina dlíchóras náisiúnta, lena n-áirítear 'féiniúlacht inscne' lena mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar thógán sóisialta, agus léirmhíneoidh sí na coincheapa a úsáidtear sa togra le haghaidh Rialacháin mar choincheapa nach gcuimsíonn ach an gnéas baineann agus fireann de réir a mbrí bitheolaíche.'